Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9940/21**

**TRANS 409**
**ENER 289**
**ENV 440**
**IND 173**
**RECH 311**
**COMPET 495**
**ECO 64**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9684/21 REV1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Infrastructure for charging electric vehicles: more charging stations but uneven deployment makes travel across the EU complicated* [Bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú: le níos mó stáisiúin luchtaithe ach imscaradh míchothrom, bíonn an taisteal ar fud an Aontais casta]<br>*– Conclúidí ón gComhairle (an 28 Meitheamh 2021)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú: le níos mó stáisiúin luchtaithe ach imscaradh míchothrom, bíonn an taisteal ar fud an Aontais casta', mar a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Meitheamh 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú: le níos mó stáisiúin luchtaithe ach imscaradh míchothrom, bíonn an taisteal ar fud an Aontais casta'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú: le níos mó stáisiúin luchtaithe ach imscaradh míchothrom, bíonn an taisteal ar fud an Aontais casta', agus tugann sí dá haire ag an am céanna nach ndéantar iniúchadh sa Tuarascáil ar na cúiseanna atá le stáisiúin luchtaithe leictreacha a bheith á n-imscaradh go míchothrom ar fud an Aontais.

2. DEIR SÍ go luaitear sa Tuarascáil Speisialta gurb é is fócas di measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an tacaíocht atá á tabhairt ag an gCoimisiún d'imscaradh bonneagair uile-Aontais, a bhfuil rochtain ag an bpobal air, chun feithiclí leictreacha a luchtú le linn na tréimhse 2014-2020.

3. AONTAÍONN SÍ, cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le leictrea-shoghluaisteacht uile-Aontais a chur chun cinn, agus maidir le bonneagar athluchtaithe ar fud chroíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) a sholáthar ar bhealach níos fearr, tá bacainní tábhachtacha fós ar thaisteal ar fud an Aontais i bhfeithiclí leictreacha. TUIGEANN SÍ go bhfuil dúshláin thromchúiseacha fós ann maidir lena áirithiú go mbeidh an leictrea-shoghluaisteacht ag cur go mór le cuspóir Threoir 2014/94/AE[1] maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid, leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a íoslaghdú agus le tionchar an iompair ar an gcomhshaol a mhaolú.

[1] I.O. L 307/1, 28.10.2014

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-admhaíonn an Coimisiún gach moladh ón gCúirt Iniúchóirí agus TACAÍONN SÍ leis na conclúidí agus na moltaí sa Tuarascáil Speisialta.

Sa chomhthéacs sin:

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus athbhreithniú agus leasú á dhéanamh aige ar Threoir 2014/94/AE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013[2] maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, machnamh a dhéanamh ar cheanglais shoiléire**,** chomhsheasmhacha agus iomchuí a mholadh maidir le bonneagar íosta luchtaithe leictreachais, a bheidh le cur i bhfeidhm ar ghréasán TEN-T. Agus nascacht bhunúsach trasteorann á háirithiú, ba cheart pointí tosaigh éagsúla na mBallstát agus imthosca náisiúnta sonracha na mBallstát a chur san áireamh.

6. AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar threochlár straitéiseach cuimsitheach comhtháite de chuid an Aontais le haghaidh spriocanna leictrea-shoghluaisteachta agus bonneagair luchtaithe, chomh maith le hanailísiú ar bhearnaí sa bhonneagar a fhorbairt chun a shainaithint cén áit is mó a bhfuil ganntanas pointí luchtaithe ar ghréasán TEN-T; MOLANN SÍ go mbreathnófaí go cuí ar na sineirgí idir gréasán TEN-T agus an Gréasán Tras-Eorpach Fuinnimh (TEN-E) dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE); AONTAÍONN SÍ freisin gur cheart anailísiú ar bhearnaí den sórt sin a bheith ar cheann de na gnéithe atá le cur san áireamh i gcistiú leictrea-shoghluaisteachta faoi SCE.

[2] I.O. L 348/1, 20.12.2013.

7. D’fhonn na hinfheistíochtaí a rinneadh agus an chuid de bhuiséad an Aontais a leithdháiltear chun bonneagar luchtaithe a imscaradh a bhaint amach, MEASANN SÍ gur cheart rátaí úsáide na stáisiún comhchistithe a mhéadú agus, i ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún clásal inbhuaine a chur san áireamh, sna comhaontuithe deontais, lena gceanglaítear go bhfanfaidh an bonneagar cómhaoinithe i bhfeidhm agus go mbeidh sé ar fáil d’úsáideoirí ar feadh íostréimhse tar éis a n-imscartha, chomh maith le rochtain éifeachtach neamh-idirdhealaitheach a chur ar fáil d’úsáideoirí uile na stáisiún sin. TUGANN SÍ FAOI DEARA freisin gur gnéithe tábhachtacha iad sonraí dinimiciúla le haghaidh praghsanna *ad hoc* agus infhaighteachta, chomh maith le hidir-inoibritheacht na gcóras íocaíochta a fhreastalaíonn ar an mbonneagar luchtaithe ar fud an Aontais, chun eispéireas taistil trasteorann gan uaim a áirithiú, agus gur cheart na hacmhainní iomchuí a bheith ag gabháil le hiarrachtaí chuige sin freisin.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go leanann an Coimisiún de na scrogaill a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, i gcás inarb iomchuí, ar úsáid mhaoiniú SCE chun bonneagar luchtaithe leictrigh a rolladh amach ar fud an Aontais ina iomláine. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil ionstraimí maoiniúcháin eile, chomh maith le SCE, ar fáil ar leibhéal an Aontais chun tacú le gréasán de bhonneagar luchtaithe a imscaradh, agus gur gá sin a chur in iúl i measc na n-ionstraimí sin chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainní den sórt sin.